Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000005/2018 ar an gCoimisiún
Rule 130b
Marijana Petir, Alojz Peterle, Anna Záborská, Franc Bogovič, Michaela Šojdrová, Ivana Maletić, Željana Zovko, Elisabetta Gardini, Lorenzo Cesa, Jan Olbrycht, Miroslav Mikolášik, Lars Adaktusson, Luigi Morgano, Arne Gericke, Alberto Cirio, Fulvio Martusciello, Tomáš Zdechovský, Mihai Ţurcanu, Massimiliano Salini, Jadwiga Wiśniewska, Laima Liucija Andrikienė, Agnieszka Kozłowska-Rajewicz, Ivica Tolić, Pavel Svoboda, Seán Kelly, Peter Liese, Karl-Heinz Florenz, Kinga Gál, Heinz K. Becker, Tunne Kelam, Bendt Bendtsen, Czesław Adam Siekierski, Norbert Erdős, Giovanni La Via, Fernando Ruas, Ivan Štefanec, Othmar Karas, Paul Rübig, Nuno Melo, Annie Schreijer-Pierik, Angelika Niebler, Patricija Šulin

Ábhar: Sárú ar Chearta Duine bunúsacha na mban sa Phacastáin

An 10 Aibreán 2018, tar éis do bhean Chríostaí, Asma Yacoob atá 25 bhliain d'aois diúltú pósadh leis, rinne fear Moslamach, Rizwan Gujjar, 30 bliain d'aois, aigéad a stealladh uirthi agus ina dhaidh sin rinne sé í a chur trí thine. De dheasca a dhona agus a bhí sí gortaithe, fuair sí bás san ospidéal.

Níl i gcás Yacoob ach sampla amháin den dóigh a gcaitear le cailíní sa Phacastáin. Bunaithe ar an Tuarascáil faoin measúnú ar an bPacastáin[1], ag GSP+ an Aontais, meastar gurb é timpeall ar 1000 in aghaidh na bliana líon na bhfuadach, na n-éignithe agus na n-iompuithe reiligiúin faoi éigeantas, agus iad i measc ban faoi aois agus cailíní den chuid is mó de. Áiritear san fhoréigean i gcoinne mná Críostaí tá dúnmharú, foréigean gnéis, foréigean baile, ionsaithe aigéid, fuadaigh agus ciapadh. Rinne Tionól Cúige Sindh, an cúige ina dtarlaíonn tromlach na gcásanna sin, beart tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin tríd an Acht um Chosaint Mionlach a ghlacadh. I ndiaidh agóidí ó ghrúpaí reiligiúnacha coimeádacha, áfach, tá an t-acht fós gan achtú.

Conas atá an Coimisiún ag áirithiú go ndéanfaí gach foirm d'fhoréigean a dhíothú agus go ndéanfaí cearta duine bunúsacha na mban a chur chun cinn, go háirithe maidir le mná Críostaí agus le mná a bhaineann le mionlaigh eile?

An ndéanfaidh an Coimisiún breithniú ar na fíricí sin agus an ndéanfaidh sé athbhreithniú ar staid na Pacastáine laistigh de GSP+?

[1] http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2018/january/tradoc_156544.pdf